Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2166(INI)

17.9.2025

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2025
(2025/2166(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Margarita de la Pisa Carrión

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	G. de bhrí go méadaítear nochtadh ban ar an bhforéigean, lena n-áirítear foréigean gnéasach, i gcomhthéacsanna imirce arna spreagadh le bochtaineacht; de bhrí, de réir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, go bhfulaingíonn 90 % d'imircigh mná a thaistealaíonn ar bhealach na Meánmhara an t-éigniú, ag smuigléirí nó ag imircigh eile[1a];
	_____
	[1a] UN News, 'Women forced to flee their homes face increased risks of sexual violence, UNHCR warns', https://news.un.org/fr/story/2024/11/1150996.
	Or. en

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	H. de bhrí go bhfuil líon méadaitheach ban agus cailíní san Aontas ag fulaingt iarmhairtí an chiorraithe ball giniúna ban[1a]; de bhrí go bhfuil líon na gcailíní atá i mbaol ag leanúint de mhéadú gach bliain – go háirithe iad siúd a thagann ó thíortha ina ndéantar ciorrú ball giniúna ban, amhail an tSomáil, an tSeineagáil, an Nigéir, an Aetóip, agus Camarún – le céatadáin shuntasacha sa

Spáinn (9-15 %), sa Danmhairg (11-21 %), san Ostair (12-18 %) agus i Lucsamburg (12-17 %);

_____

[1a] An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Estimation of girls at risk of female genital mutilation in the European Union: Denmark, Spain, Luxembourg and Austria [Meastachán ar chailíní atá i mbaol an chiorruithe ball giniúna ban san Aontas Eorpach: an Danmhairg, an Spáinn, Lucsamburg agus an Ostair] https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/estimation-girls-risk-female-genital-mutilation-european-union-denmark-spain-luxembourg-and-austria.

Or. en

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	I. de bhrí go leanann an pósadh éigeantais[1a] de bheith coitianta i roinnt réigiún den domhan, go háirithe san Afraic fho-shahárach, in Iarthar na hAfraice agus san Afraic Láir; de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar a mhinice a thuairiscítear é laistigh de phobail imirceach san Eoraip, go háirithe i measc cailíní a thagann ó thíortha ina bhfuil an cleachtas seo coitianta agus dleathach;

_____

[1a] Na Náisiúin Aontaithe, 'Child and forced marriage, including in humanitarian contexts', https://www.ohchr.org/es/women/child-and-forced-marriage-including-humanitarian-settings.

Or. en

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris J (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	J. de bhrí go léirítear le fianaise, mar gheall ar cliseadh teaghlaigh agus easpa struchtúir chobhsaí theaghlaigh, go nochtar mná agus leanaí go díréireach ar an leochaileacht shóisialta agus eacnamaíoch, go mbaintear an bonn óna slándáil, óna bhfolláine agus óna ndeiseanna, go lagaítear an comhtháthú sóisialta agus go gcuirtear leis an éagobhsaíocht pholaitiúil[1a];
	_____
	[1a] An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, 'OECD Family Database', https://www.oecd.org/en/data/datasets/oecd-family-database.html.

Or. en

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	K. de bhrí gurb iad na comhphobail Chríostaí an grúpa reiligiúnach is mó ar a ndéantar géarleanúint fós ar fud an domhain, agus go ndírítear go minic ar mhná agus cailíní le foréigean gnéasach agus iompú éigeantais[1a];
	_____
	[1a] Open Doors, 'Worldwide: Insecurity - The Gender Report 2024',

https://www.opendoors.org/en-US/research-reports/articles/stories/Worldwide-Insecurity-The-Gender-Report-2024/.

Or. en

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris L (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	L. de bhrí go leanann ginmhilleadh de réir inscne an linbh sa bhroinn de dhifear a dhéanamh do na milliúin cailíní ar fud an domhain, agus go bhfuil éagothroime shuntasach idir inscní san India agus sa tSín; de bhrí nach amháin go mbaintear an mbonn ón gceart bunúsach chun na beatha leis an gcleachtas seo, ach gurb ionann é freisin agus cineál idirdhealaithe bunaithe ar inscne freisin;

Or. en

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris M (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	M. de bhrí gurb ionann ginmhilleadh éigeantais chomh maith le comhéigean chun ginmhilleadh a dhéanamh agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha an duine, chomh maith le cineál foréigin in aghaidh na mban, lena gceiltear dínit ar mháithreacha agus lena ndiúltaítear an ceart chun na beatha do leanaí sa bhroinn; de bhrí nach amháin go mbaintear ón máithreachas agus ón

dteaghlach leis an gcleachtas seo, ach go nochtar iarmhairtí baolacha leis a bhaineann le caitheamh le saol an duine mar rud indiúscartha;

Or. en

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris N (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	N. de bhrí, i dTreoir (AE) 2024/1712[1a], go n-áirítear dúshaothrú na máthairionadaíochta, pósadh éigeantais agus uchtáil neamhdhleathach i raon na gcleachtas arb ionann iad agus gáinneáil ar dhaoine; de bhrí gur aithin Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an bhforéigean in aghaidh ban agus cailíní gur cineál foréigin eacnamaíoch, shíceolaíoch, fhisiciúil agus atáirgthe in aghaidh ban í an mháthairionadaíocht ina tuarascáil ar an bhforéigean in aghaidh ban agus cailíní (A/80/158)[1b];

[1a] Treoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint (IO L , 2024/1712, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1712/oj).

[1b] Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, 'Violence against women and girls, its causes and consequences – Note by the Secretary-General', 80th session, https://docs.un.org/en/A/80/158.

Or. en

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris O (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	O. de bhrí go dtugtar chun suntais sa tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an bhforéigean in aghaidh ban agus cailíní (A/HRC/59/47)[1a] gurb ionann scriosadh teanga agus catagóirí, atá sonrach d'inscne sa dlí agus i mbeartais, agus ionsaí díreach ar mhná, lena lagaítear a gcosaintí agus lena ndoiléirítear na cúiseanna iarbhír leis an bhforéigean agus leis an idirdhealú; de bhrí, mar a léirítear sa tuarascáil chéanna, i roinnt tíortha, go mbíonn mná a chosnaíonn tábhacht pholaitiúil na hinscne bitheolaíche ag déileáil le cinsireacht, ciapadh dlíthiúil, caillteanas fostaíochta agus ioncaim, baint ó ardáin agus ó choinní cainte, agus diúltú d'fhoilsiú a dtaighde, agus go dtugtar cúl droma dóibh an oiread sin go ndéanann siad iarracht a lámh a chur ina mbás féin, lena mbaintear go hollmhór ó rannpháirtíocht shlán agus státúil ban agus cailíní sa tsochaí;
	[1a] Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, 'Sex-based violence against women and girls: new frontiers and emerging issues', 59th session, https://www.ohchr.org/sites/default/files/documents/hrbodies/hrcouncil/sessions-regular/session59/advance-version/a-hrc-59-47-aev.pdf.
	Or. en

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1a. á chur in iúl gur oth léi nach dtugtar aghaidh, i dTuarascáil 2025 um Chearta Bunúsacha ó Ghníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha, ar ghéarleanúint na gCríostaithe, lena n-áirítear an leochaileacht áirithe a bhíonn roimh mhná Críostaí;

Or. en

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. á iarraidh ar na Ballstáit beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme lena neartaítear saol an teaghlaigh, lena gcosnaítear sláine teaghlach, agus lena soláthraítear tacaíocht chuimsitheach do thuismitheoirí, go háirithe do mháithreacha, mar phríomhbheart chun an chobhsaíocht shóisialta, folláine leanaí agus feidhmiú cuí sochaithe daonlathacha a choimirciú;

Or. en

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	25a. á chur i bhfáth go ndearnadh

timpeallachtaí, ina bhfuil mná nochta ar an bhforéigean, lena n-áirítear éigniú, agus cineálacha eile drochíde, de bhealaí imirce neamhdhleathacha, go háirithe na cinn sin ar fud na Meánmhara; á chur i bhfios go láidir, trí chur suas leis na cainéil contúirteacha agus neamhdhleathacha imirce sin, go bhfuil an tAontas ag nochtadh ban ar na rioscaí sin go hindíreach; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí beartais ar leibhéal an Aontais a bhaineann líonraí smuigleála anuas, a choisceann dúshaothrú ban le linn iompair agus a thugann tosaíocht don tslándáil agus don chosaint seachas iontráil neamhdhleathach go héifeachtach;

Or. en

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	26a. á mheabhrú nach mór don Aontas ginmhilleadh éigeantais, comhéigean chun ginmhilleadh a dhéanamh agus ginmhilleadh de réir inscne a cháineadh mar sháruithe ar chearta bunúsacha an duine; á iarraidh ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a chur chun feidhme lena gcosnaítear ceart an linbh sa bhroinne chun na beatha agus lena ndéantar dínit ban a choimirciú;

Or. en

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	26b. ag athdhearbhú go bhfuil sí i gcoinne na gcineálacha éagsúla gáinneála ar dhaoine agus an dúshaothraithe ban, lena n-áirítear dúshaothrú na máthairionadaíochta, pósadh éigeantais agus uchtáil neamhdhleathach; ag spreagadh na mBallstát na cleachtais sin a cháineadh agus a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi Dearbhú Casablanca, grúpa idirnáisiúnta saineolaithe, taighdeoirí, dlíodóirí agus dochtúirí a tharraing suas togra le haghaidh coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cosc domhanda ar an máthairionadaíocht;

Or. en

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 38 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	38a. á chur in iúl gur oth léi iarmhairtí scriosacha na hidé-eolaíochta inscne agus scriosadh chéannacht na mban, lenar baineadh an bonn óna gcearta agus óna gcosaintí, lenar nochtadh iad ar idirdhealú agus ar an bhforéigean agus a raibh tionchar mór acu ar a bhfolláine mhothúchánach agus shíceolaíoch; á iarraidh ar na Ballstáit gníomhú go deimhneach chun soiléireacht a athbhunú sa dlí agus beartas, an catagóir 'bean' a chosaint agus sláinte agus dínit ban a áirithiú;

Or. en

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 39 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	39a. á mheabhrú gurb ionann leitheadúlacht mhéadaitheach an chiorruithe ball giniúna ban agus an phósta éigeantais i measc cailíní a thagann ó thíortha ina bhfuil na cleachtais sin dlíthiúil, mar aon le líon na gcásanna atá á dtuairisciú i bpobail imirceach san Eoraip, atá ag dul in airde, agus bagairt dháiríre ar fholláine agus sábháilteacht ban agus cailíní; á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas tosaíocht a thabhairt dá gcosaint agus a áirithiú go n-urramaítear a gcearta bunúsacha; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh bearta diana ann chun teacht isteach san Aontas ag daoine agus eagraíochtaí, ar mian leo na cleachtais dhíobhálacha sin a bhuanú, a chosc agus go mbeadh beartais ann lena ndéantar sláinte, dínit agus slándáil ban agus cailíní a choimirciú go héifeachtach;

Or. en